# Conas is Féidir le Ceannaire Scoile an Físeán Seo a Úsáid

Tugann an físeán idirghníomhaireachta seo forléargas ar Chreatchuraclam na Bunscoile do cheannairí scoile (príomhoidí agus leas-phríomhoidí) agus eolas faoin tacaíocht a chuirfear ar fáil maidir le hachtú an churaclaim sa scoilbhliain amach romhainn (2025/26) agus sna scoilbhlianta ina dhiaidh sin. Cuimsíonn sé tuairimí ón gCigireacht, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ó Oide.
Breathnaíonn sé ar:

- Eolas ón gCigireacht maidir le hachtú curaclaim agus ullmhú don fhoghlaim agus don teagasc sna blianta amach romhainn.
- An fhís agus an réasúnaíocht atá mar bhonn faoi Chreatchuraclam na Bunscoile (CCB).
- Prionsabail agus Príomhinniúlachtaí an CCB.
- Breac-chuntas ar luas agaithe achtú an churaclaim sna blianta amach romhainn.
- Forléargas ar na príomhthacaíochtaí atá le cur ar fáil ag Oide agus ag an CNOS maidir le hachtú an CCB agus na sonraíochtaí curaclaim nua do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta.
- Roinnt treorach do cheannairí scoile maidir leis an méid a chaithfidh siad a dhéanamh anois.

### Cad é a chaithfidh a bheith ar siúl agam anois díreach, mar cheannaire scoile?

Is í an chéad chéim féachaint ar an bhfíseán seo. Tugann an físeán teachtaireacht chomhsheasmhach agus chomhleanúnach maidir le hachtú curaclaim ón gCigireacht agus ghníomhaireachtaí éagsúla na Roinne Oideachais agus Óige (CNCM, CNOS agus Oide).
Tar éis breathnú ar an bhfíseán, is féidir le ceannairí scoile am a thógáil chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidh siad an teachtaireacht in iúl dá bhfoireann agus dá bpobal scoile mar ullmhúchán do na laethanta dúnta scoile ar fad i dTéarmaí 2 agus 3 de 2025/26.

### Ar cheart dom an físeán seo a thaispeáint dár bhfoireann go léir?

Is ceannairí scoile is fearr a thuigeann comhthéacs a scoile féin. Tá an físeán roinnte ina chodanna chun cabhrú le ceannairí scoile a chinneadh conas a thabharfaidh siad faoin obair atá amach rompu.
*Bealaí molta chun an físeán seo a úsáid leis an bhFoireann Ceannaireachta Inscoile (CIS):*

- Am a chur ar fáil d'Fhoireann CIS féachaint ar an bhfíseán agus machnamh a dhéanamh ar a inneachar
- An físeán a phlé le Foireann CIS agus an chéad chur chuige eile a aontú eile maidir le faisnéis a sholáthar don fhoireann

*Bealaí molta chun an físeán seo a úsáid le foireann na scoile:*

- É ar fad a thaispeáint ag cruinniú foirne
- Rannóg amháin ag an am a thaispeáint don fhoireann thar shraith cruinnithe foirne

- Achoimre a dhéanamh ar an inneachar agus í sin a chur i láthair na foirne iad féin nó lena bhFoireann CIS.

D'fhéadfadh roinnt ceannairí scoile cinneadh a dhéanamh an t-eolas a roinnt roimh dheireadh na scoilbhliana reatha ach d'fhéadfadh cinn eile fanacht go dtí tús na scoilbhliana nua.
Bheadh sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi dheireadh Théarma 1 faoi sceideal achtaithe an churaclaim agus na tacaíochtaí a bheidh ar fáil dóibh.

### Cad iad na gníomhaireachtaí atá san áireamh ar an bhfíseán seo?

- Yvonne Keating, Príomhchigire: 01.51-06.35
- An Dr Patrick Sullivan, Leas-Phríomhfheidhmeannach, CNCM: 06.36-22.58
- Rory Collins, Stiúrthóir Rannán Bunscoile 2, Oide: 22.59-27.33
- An Dr Catherine Merrigan, Príomhspeisialtóir don Oideachas agus don Churaclam i Scoileanna Speisialta, CNOS: 27.34-30.04
- An Dr Mary Nihill, Stiúrthóir Ceannaireachta, Oide: 30.05-33.39

### Cad é a bheidh ag tarlú an bhliain seo chugainn maidir le hachtú curaclaim?

Leanfaidh gach scoil de Churaclam Teanga na Bunscoile agus Curaclam Matamaitice na Bunscoile a achtú agus a chur i bhfeidhm.
Foilseofar na sonraíochtaí curaclaim eile go luath sa scoilbhliain 2025/26. Is féidir le gach scoil cinneadh a dhéanamh más mian leo réimse curaclaim nua a achtú in 2025/26 nó an scoilbhliain nua a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar an CCB.
Breathnaítear ar an scoilbhliain 2025/26 mar thréimhse mhachnaimh agus foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí maidir le Creatchuraclam na Bunscoile. Gheobhaidh gach scoil dhá Eispéireas Foghlama Ghairmiúla (laethanta dúnta scoile) chun dul i ngleic leis an CCB, a éascóidh Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil (CFG) Oide/ Comhairleoir CNOS do Scoileanna Speisialta.

### Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil dom mar cheannaire scoile faoi láthair?

Tá réimse tacaíochtaí ar fáil faoi láthair, lena n-áirítear doiciméid, podchraoltaí, agus Eispéiris Foghlama Ghairmiúla (EFGnna). Chun tacú le ceannairí scoile rochtain a fháil ar na hacmhainní sin, tá siad ar fad bailithe le chéile ag Oide in aon rannán amháin dá láithreán gréasáin: Ceannródaíocht Churaclam a Threorú -Oide